CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	Bean-déirce Locarno: Aistriúchán ón Ghearmáinis
Authors	MagShamhráin, Rachel;MagShamhráin, Damhlaic
Publication date	2025-11
Original Citation	MagShamhráin, R & MagShamhráin, D 2025, 'Bean-déirce Locarno : Aistriúchán ón Ghearmáinis', Germanistik in Ireland: Jahrbuch der German Studies Association of Ireland, vol. 19, pp. 113-115.
Type of publication	Other
Link to publisher's version	http://www.hartung-gorre.de/Ireland_19.htm
Rights	© 2025, German Studies Association of Ireland. All rights reserved.
Download date	2026-11-17 12:01:55
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/19632

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

GERMANISTIK IN IRELAND

Jahrbuch der / Yearbook of the
German Studies Association
of Ireland (GSAI)

Special Issue:

The Future of German Studies

Volume 19
2025

Editorial Policy

Germanistik in Ireland: Jahrbuch der / Yearbook of the German Studies Association of Ireland is the official publication of the German Studies Association of Ireland (GSAI), formerly the Association of Third-Level Teachers of German in Ireland (ATLTGI). It appears once a year in the autumn and is officially launched at the annual conference of the GSAI. Each member of the Association receives one copy of the *Yearbook* gratis as part of their membership.

The aim of the *Yearbook* is to provide a forum for the publication of research in German Studies in the broadest and most inclusive sense, understood as comprising literary and cultural studies, the history and *Landeskunde* of the German-speaking countries, applied and theoretical linguistics, German as a Foreign Language and *Fachdidaktik*, including German for special purposes, as well as other related areas. The *Yearbook* publishes contributions in German, English, and Irish.

The *Yearbook* is a peer-reviewed publication with an International Advisory Board appointed by the committee of the Association. The Advisory Board consists of former editors and no fewer than five colleagues from outside Ireland whose expertise reflects the areas of German Studies represented in the Germanist community on the island of Ireland, in particular the research interests of members of the German Studies Association of Ireland.

Information for Subscribers

Orders should be addressed directly to the publisher, Hartung-Gorre Verlag http://www.hartung-gorre.de**,** Email: verlag@hartung-gorre.de. The subscription price is €15.00 per volume. For further information about the German Studies Association, please log onto our website: http://www.germaninireland.org.

***Germanistik in Ireland* is indexed in the *MLA International Bibliography* and listed in the *Directory of Periodicals*.**

This issue was kindly supported by

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

© 2025 by German Studies Association of Ireland. Alle Rechte vorbehalten.
Hartung-Gorre Verlag, Konstanz, Germany

ISSN: 1863-2939
ISBN-13: 978-3-86628-847-8

GERMANISTIK IN IRELAND

Jahrbuch der / Yearbook of the
German Studies Association
of Ireland (GSAI)

Volume 19
2025

Special Issue:

The Future of German Studies

Editors

Tina-Karen Pusse (University of Galway)
Olga Springer (Dublin City University)

Advisory Board

Gordon Burgess (University of Aberdeen)
Klaus Kiefer (Ludwig-Maximilians-Universität München)
Florian Krobb (Maynooth University)
Rachel MagShamhráin (University College Cork)
Bill Niven (Nottingham Trent University)
Gillian Pye (University College Dublin)
Klaus Dieter Rossade (Open University)
Hans-Walter Schmidt-Hannisa (University of Galway)
Christiane Schönfeld (Mary Immaculate College, University of Limerick)
Sabine Strümper-Krobb (University College Dublin)

TABLE OF CONTENTS

TINA-KAREN PUSSE and OLGA SPRINGER
Introduction 5

Part I. The Future of German Studies

MARGARET ELEANOR MENNINGER
German Studies as a Team Sport. Resonance, Inclusion, Cooperation 13

RACHEL MagSHAMHRÁIN
Study Abroad and Environmental Collapse. Rethinking Academic Tourism in the Post-COVID Era – A Provocation..... 25

JAN SÜSELBECK
No Future? On Teaching German Studies in Times of Crisis..... 35

Part II. General Section

ARMIN SCHÄFER
Das virtuelle Ereignis und seine literarische Aktualisierung. Thomas Pynchons *Memento mori* 57

BILL NIVEN
Notes on a Massacre. Leni Riefenstahl and the Killing of Jews at Końskie 73

GAVIN BROTHERS
The Soundscape of Remembrance. Re-reading the Language of Silence 85

JUDITH BIERWOLF
Zur Schaufenster- und Werbekultur in Ost und West.
Siegfried Wittenburgs Fotoserien aus DDR und BRD 99

DAMHLAIC agus RACHEL MagSHAMHRÁIN
Bean-Déirce Locarno. Aistriúchán ón Ghearmáinis 113

Buchbesprechungen / Book Reviews 117

Damhlaic agus Rachel MagShamhráin

Bean-Déirce Locarno

Aistriúchán ón Ghearmáinis

Ag bun-chnoc na nAlp gar do bhaile Locarno i dtuaisceart na hIodáile bhí teach mór tuaithe ag Marcais — faoi láthair áfach, agus tú ar do bhealach ón Naomh Gotthard, is ina fhothrach atá sé.[1] Teach le seomraí arda fairsinge, agus i gceann acu siúd, uair, bhí sean-bhean i ndroch-chuí, ina luí ar leaba tuí — seanbhean a tháinig don doras ag iarraidh déirce. Bean an tí a leag an leaba fána coinne, as trua. Ar a fhilleadh don teach don Mharcais ón bhfiach tharla go ndeachaigh sé sa seomra áirithe siúd mar b'ann a choinnigh sé a ghunna. Go mí-fhoighdeach bhagair sé ar an tsean-bhean éirí ón chúinne ina luigh agus a dhul thaobh thiar den sorn. Arna éirí di, thuit a maide croise ar an urlár snasta, agus thuit sí féin ionas gur ghortaigh sí a droim go fíor-dhona. Dá bharr sin ba dhoiligh di seasamh ar a cosa agus a dhul trasna an tseomra sa treo a hordaíodh di. Ach i ngar don sorn, lig sí cnead aisti, agus osna leis an phiain — thuit sí as a seasamh agus d'éag.

In imeacht na mblianta, de bharr chogaidh agus droch-bharraí, bhuail deacrachtaí airgeadais an Marcais. Dá bharr tháinig duine uasal as Flórans na hIodáile, agus é ag iarraigh an teach a cheannach — toisc chomh galánta a bhí sé suite. Dar leis an Mharcais — ba mhór-chúiseach an margadh úd. Agus d'ordaigh do bhean an tí an t-aoi a chur sa seomra réamh-ráite. Siocar is chomh háilinn a bhí an seomra san le troscán den scoth. Bhí an seomra folamh fosta. I lár na hóiche áfach tháinig an t-aoi chucu — agus é ciaptha suaite, bán san aghaidh. Mhionnaigh sé dar fia go raibh taibhse sa tseomra. Mar go raibh ní do-fheicthe ag éirí go fuaimneach as tuí í gcúinne an tseomra, agus a dhul go mall réidh agus go lag díreach trasna ar an urlár, agus a dhul a luí ar chúl an tsoirn — go pianmhar agus go cneadach. I ngan fhios dó féin tháinig sceoin ar an Mharcais. Thosaigh a'gáirí fán duine uasal le teann bhréag-áthais mar dh'ea, agus dúirt go néireodh sé go tobann agus go socródh sé a aigne tríd an chuid eile den óiche a chaitheamh leis. D'iarr an duine uasal as Flórans áfach go gceadódh sé dhó an oíche a chaitheamh sa tseomra codlata sin ar chathair suite agus i moch na maidne chuir sé fios ar a charbad, ghabh slán le muintir an tí, agus d'imigh leis.

De bharr an eachtra úd agus toisc gur leath an scéal, cuireadh eagla ar chuid mhaith lucht cheannaigh — rud a chuir as go mór an Mharcais. I measc a chuid

---

1 Heinrich von Kleist: "Das Bettelweib von Locarno". In: Heinrich von Kleist: *Sämtliche Werke und Briefe*. Ed. by Helmut Sembdner. Vol. 1: Prosa. München: dtv, 2011, pp. 261–64.

freastalaithe féin bhí sé ina ráfla, ar shlí míshuaimhreach dochreidte go mbíodh ní áirithe ag súil ar uair an mheán-oíche. — Dar leis féin go bhfiosródh an scéal, an óiche dar gcionn — ar nós a chuirfeadh stop leis an ráfla — Nach uafásach mar a baineadh casadh as, díreach ar uair an mheán-óiche — nó gur chuala sé go soiléir fuaimeanna do-thuigthe. Amhail is go raibh neach áirithe ag éirí as leaba tuí agus go ndeachaigh go direach trasna an tseomra gur luigh, le cnead as a scórnach, taobh leis an sorn. An mhaidin dar gcionn, nuair a ghabh sé anuas d'iarr a bhean de caidé mar a bhí an fiosrachán. D'feach seisean ina thimpeall le súile lán sceoin agus eagla, chuir an doras faoi ghlas agus d'admhaigh díse gur fíor an scéal fán tadbhse. Ní raibh sise chomh scanraithe riamh lena beo. Má sea d'iarr sí air go mbainfeadh sé triail as an scéal arís, ina teannta féin, go fuar-chúiseach, sara scéithfeadh sé an nuacht go for-leathran. Ach le searbhónta an-dílis gur chuir siad foláireamh air san óiche dár gcionn, chuala siad araon na fuaimeanna do-thuigthe taibhsiúla.

Siocar an dúil do-cheansaithe a bhí orthu fail réidh leis an teach ar shlí ar bith — bhí siad i ndonn an sceoin a bhí orthu a cheilt i láthair an tsearbhónta. D'iarr siad cúis simplí chomh-tharlaithe leis an eachtra a chur i gcéill — cúis éigin a d'fhéadfadh a bheith leis. Má sea, ar an tríu tráthnóna, chuaigh in airde — ionas go bhfoisródh an scéal go soiléir. Bhí a gcroíthe ag bualadh agus iad ag dul suas an staighre chuig seomra an aoí. Tharla go raibh madra an tí saor ón slabhra, agus é in aice an dorais. De bharr go raibh súil acu le neach eile beo a theacht leo — cé nár dúradh é sin — thug siad an madra ina n-aice isteach sa seomre. Bhí dhá sholas leagtha ar an bhord. Bhí bean an Mharcais ina culaith go hiomlán, bhí claíomh agus gunnaí a tógadh as an chófra ar lámha acu.

Thart fána haon-déag luigh an bheirt acu, gach duine acu ar a leaba féin. Rinne iarracht comhrá a dhéanamh agus idir an dá linn chuach an madra i lár an tseomra nó gur thuit ina chodladh . Ach go direach ag bualadh an mheán-oíche, cluineadh an fhuaim uafásach arís. Bhí neach éigin — do-fheichthe ag súile an duine ag éirí ar maide croise i gcúinne an tseomra cluineadh tuí ag siosanaigh. Thosaigh an cnag agus arna chlos san dhúisigh an madra, léim ar a cosa in áirde, d'éirigh na cluasa go biorach chneadaigh, thosaigh ag tafann díreach mar go raibh duine ag teacht ina threo. Ansin chúlaigh i dtreo an tsoirn. Arna fheiscint siúd do bhean an Mharcais, d'ardaigh an ghruaig ar a chloigeann, rinne sciúrd as an seomra. Idir an dá linn ghabh an Maracais ar a chláiomh, agus scairt — "Cé siúd?" Ní bhfuair sé freagra ar bith agus ghabh ag sléachtadh san uile treo, mar a bheadh as a mheabhair. Ghlaoigh sise ar a carbad d'fhonn go bhfágfadh an baile ar an toirt. Chruinnigh sí beagán bhaill lena chéile. Ach is ar éigin gur shrois sí na geataí nó gur thug sí faoi deara an teach a dhul tré thine san uile aird.

Is amhlaidh gur ghabh an Marcais agus é scanraithe go hiomlán leis an sceoin, gur ghabh sé ar choinneall agus é traochta as a bheatha — nó gur chuir an áit tré thuine ó bhinn go barr. Bhí painéil adhmaid chuile áit sa teach, nó gur scaip na lasracha dá bharr. In aisca a chuir sí d'iachall ar dhaoine iarracht a dhéanamh an

fear adh-mhrarach a shlánú. D'éag sé sa tslí ba thruamhéalaí. Bhailigh muintir na tuaithe a chnámha bána agus chnuasaigh iad i gcúinne an tseomra úd — an seomra inar ordaigh sé do bhean déirce Locarna a éirí ina seasamh.

Rachel MagShamhráin *is Head of German at University College Cork (UCC).*

Damhlaic MagShamhráin *is an independent scholar.*